


# Olltoghchán 2020

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheachtas Fhianna Fáil. An bhfuil Gaeilge agat ar na focail/téarmaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat.

- as Sinn Féin's policies must be examined
- great experience
- a new generation of candidates
- negative campaign
- saying to *him*
- old regime
- first-rate candidate
- an overemphasis
- three horse race
- he may have to change his tune



## Ceist 2

Féach ar an tuairisc den chéad uair agus freagair na ceistanna:

1. Cad a deir Leo Varadkar faoi Shinn Féin a bheith ag glacadh páirte sa díospóireacht?
2. Cé leis a raibh Micheál Martin ag caint i Luimneach agus cén áit a raibh sé go díreach?
3. Cén fáth nach bhfuil feachtas diúltach Fhine Gael ag obair, dar le Micheál Martin?
4. Cén fáth nach vótálfadh daoine d'Fhianna Fáil?
5. Cad iad na buanna atá ag Fianna Fáil, de réir an cheannaire?
6. B'fhearr le Fianna Fáil díriú ar an obair atá le déanamh. Cén fáth?
7. An rachadh Fianna Fáil i gcomhrialtas le Sinn Féin?

## Ceist 3

Tá díospóireacht cheannairí mhórpháirtithe polaitíochta na hÉireann thart anois. Pléigh a bhfuil ar eolas agat faoi thorthaí na díospóireachta sin leis an duine in aice leat.

**Ceist 4** ‘...nach mbeidh...’

A. Scríobh amach na briathra neamhrialta san aimsir fháistineach. Bíodh an fhoirm cheisteach chomh maith leis na freagraí dearfacha agus diúltacha san áireamh agat. Mar shampla:

Abair

An ndéarfaidh tú...?

Déarfaidh.

Ní déarfaidh.

B. Anois, cum ocht gceist (leis na briathra neamhrialta) le cur ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá acu don bhliain amach romhainn. Mar shampla:

‘An ndéarfaidh tú liom na torthaí a gheobhaidh tú i scrúduithe an tsamhraidh?’

**Ceist 5** ‘...faoi cheann cúig lá...’

Líon na bearnaí sna habairtí seo a leanas:

1. An raibh tú \_\_\_\_\_ sa Ghaeltacht?
2. An té a bhíonn \_\_\_\_\_, óltar deoch air.
3. Beidh mé ag obair i mBaile Átha Cliath \_\_\_\_\_ trí mhí.
4. Beimid ag dul chun na Fraince \_\_\_\_\_ cúpla mí eile.
5. Bhí an duine sin ann i \_\_\_\_\_ an tsamhraidh.
6. Cuireadh an cruinniú siar \_\_\_\_\_ coicíse.
7. Nach raibh sí ina cónaí sa Spáinn \_\_\_\_\_ cúig bliana?
8. Ní bheidh an obair déanta \_\_\_\_\_ mura gcuirfimid tús léi.
9. Tá mé ag fanacht anseo \_\_\_\_\_ uair an chloig anuas!

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cén fáth a bhfuil na páirtithe móra polaitíochta ag caint faoi chúrsaí tithíochta agus sláinte?
2. Cén fáth a bhfuil drogall ar pháirtithe áirithe dul i gcomhrialtas le Sinn Féin?
3. Cad is brí le ‘seanréimeas Fhianna Fáil’, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

as Sinn Féin's policies must be examined – *mar nach mór polasaithe Shinn Féin a scrúdú*

great experience – *taithí mhór*

a new generation of candidates – *glúin nua iarrthóirí*

negative campaign – *feachtas diúltach*

saying to *him* – *ag rá leis-sean*

old regime – *seanréimeas*

first-rate candidate – *iarrthóir den scoth*

an overemphasis – *an iomarca béime*

a three horse race – *rás trí chapall*

that he may have to change his tune – *go mb'fhéidir go mbeadh air a phort a athrú*

### Ceist 2

Féach an script.

### Ceist 3

Tabhair deis do gach beirt plé a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin díospóireacht ar a bhí ar chlár *Prime Time*.

### Ceist 4

A.

	An Aimsir Fháistineach
<b>Abair</b>	An ndéarfadh tú...? Déarfadh / Ní déarfadh
<b>Beir</b>	An mbéarfadh tú...? Béarfadh / Ní béarfadh
<b>Bí</b>	An mbeidh sé...? Beidh / Ní bheidh
<b>Clois</b>	An gcloisfidh mé...? Cloisfidh / Ní chloisfidh
<b>Déan</b>	An ndéanfadh sibh...? Déanfaimid / Ní dhéanfaimid
<b>Faigh</b>	An bhfaighidh sí...? Gheobhaidh / Ní bhfaighidh
<b>Feic</b>	An bhfeicfidh siad...? Feicfidh / Ní fheicfidh
<b>Ith</b>	An íosfaidh siad...? Íosfaidh / Ní íosfaidh
<b>Tabhair</b>	An dtabharfaidh tú...? Tabharfaidh / Ní thabharfaidh
<b>Tar</b>	An dtiocfaidh mé...? Tiocfaidh / Ní thiocfaidh
<b>Téigh</b>	An rachaidh sí...? Rachaidh / Ní rachaidh

B.

Cleachtadh cainte atá sa chuid seo den cheist.

### Ceist 5

Is féidir na focail i gcló dubh a scríobh ar an gclár sula gcuirfidh tú na foghlaimeoirí ag obair ar an gceacht. Braitheann sé ar leibhéal na bhfoghlaimeoirí.

1. An raibh tú **riamh** sa Ghaeltacht?
2. An té a bhíonn **thuas**, óltar deoch air.
3. Beidh mé ag obair i mBaile Átha Cliath **ar feadh** trí mhí.

4. Beimid ag dul chun na Fraince **i gceann** cúpla mí eile.
5. Bhí an duine sin ann **i gcaitheamh** an tsamhraidh.
6. Cuireadh an cruinniú siar **go ceann** coicíse.
7. Nach raibh sí ina cónaí sa Spáinn **ar feadh** cúig bliana?
8. Ní bheidh an obair déanta **choíche** mura gcuirfimid tús léi.
9. Tá mé ag fanacht anseo **le huair** an chloig anuas!

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an topaic a phlé leis an rang iomlán.

**Máire T. Ní Mhadaoin**

Dúirt ceannaire Fhine Gael, Leo Varadkar, gur maith an rud é uachtarán Shinn Féin, Mary Lou McDonald, a bheith páirteach sa díospóireacht san oíche amárach, mar nach mór polasaithe Shinn Féin a scrúdú mar is ceart. Tá iarrthóirí a bhfuil taithí mhór acu ag Fianna Fáil in olltoghchán 2020, chomh maith le glúin nua iarrthóirí, a deir ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin inniu.

**Sinéad Ní Neachtain**

Chuir siopadóirí óga agus roinnt daoine níos sine a gcuid ama ar fáil do cheannaire Fhianna Fáil inniu in ionad siopadóireachta, An Crescent, i Luimneach. Deir Micheál Martin nach bhfuil an feachtas diúltach atá ar bun ag Fine Gael ag obair, agus go bhfuil go leor daoine a vótáil d'Fhine Gael go dtí seo ag rá leis-sean, go mbeidh siad ag vótáil d'Fhianna Fáil Dé Sathairn.

Agus na daoine seo lena gcuid vótaí a chaitheamh faoi cheann cúig lá – an bhfuil baol ann nach dtacódh an pobal le Micheál Martin, mar gur mbaineann seisean le seanréimeas Fhianna Fáil?

**Micheál Martin, Ceannaire Fhianna Fáil**

Is é atá againne ná, tá foireann an-láidir againn, daoine le taithí, daoine nua. Tá an ghlúin nua ag teacht, daoine cosúil le James Collins anseo – iarrthóir den scoth.

**Sinéad Ní Neachtain**

Deir Micheál Martin go bhfuil an iomarca béime ar phobalbhreitheanna agus go gcuireann sé imní air go bhfuil Fianna Fáil chun cinn. Deir sé go mb'fhearr leis díriú ar obair atá le déanamh, is é sin i gcúrsaí tithíochta agus sláinte. Tá pobal na hÉireann ag iarraidh athrú sa bpolaitíocht a deir sé agus tá Fianna Fáil in ann an t-athrú sin a dhéanamh.

Tá sé ráite arís agus arís eile ag Micheál Martin nach mbeidh sé ag dul i gcumhacht le Sinn Féin, ach is rás trí chapall atá san olltoghchán seo anois, idir Fianna Fáil, Fine Gael agus Sinn Féin – rud a chiallaíonn go mb'fhéidir go mbeadh ar Micheál Martin a phort a athrú.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4 i Luimneach.